Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2021–2022

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Eolaíocht Teastais Shingil: Bitheolaíocht

Aonad 1

Bonnsraith

**[GSA11]**

*GSA11*

## DÉ MÁIRT 17 BEALTAINE 2022, MAIDIN

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**


Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **8**.

13695.02

**1** **(a)** Taispeánann na léaráidí thíos cill ainmhí agus cill planda.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Ainmnigh na codanna lipéadaithe **A** agus **B** a fhaightear i gcealla ainmhí agus planda araon.

**A** ______________________________

**B** ______________________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh **dhá** struchtúr a fhaightear i gcealla planda ach **nach** bhfaightear i gcealla ainmhí.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Comhlánaigh an abairt thíos faoi ghaschealla.

Roghnaigh ó:

**fás** : **mar an gcéanna** : **deighilt** : **difriúil**

Cuirtear síos ar ghaschill mar chill shimplí i bplandaí agus in ainmhithe atá ábalta ______________________ le cealla a fhoirmiú de chineál atá ______________________ . [2]

**LEATHANACH BÁN**


**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**2** Tá faisnéis tugtha thíos faoin bhia a itheann ainmhithe áirithe.

- itheann dobharchúnna éisc agus éin
- itheann éin agus éisc feithidí
- itheann feithidí plandaí

**(a)** Úsáid an fhaisnéis seo leis an bhia-eangach thíos a chomhlánú.
Tá plandaí, éisc agus dobharchúnna líonta isteach duit.




[1]

**(b)** Ainmnigh an táirgeoir sa bhia-eangach seo.

______________________________ [1]

**(c)** Cad é bunfhoinse an fhuinnimh do gach bia-eangach?

______________________________ [1]

13695.02

**(d)** Tháinig laghdú sciobtha ar líon na ndobharchúnna sa Bhreatain ó 1950 go 1960.

**(i)** Luaigh cad é a tharlódh do **líon** na n-éan agus na n-iasc sna blianta seo. Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]


Le cur le líon na ndobharchúnna, scaoil eolaithe dobharchúnna ina bpéirí (ceann amháin fireann agus ceann amháin baineann) ar ais isteach i gcuid mhór aibhneacha.

**(ii)** Luaigh **aon** fháth **amháin** ar scaoil eolaithe dobharchúnna ar ais isteach sna haibhneacha ina bpéirí.

______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** Taispeánann an graf thíos cad é mar a d'athraigh an tiúchan alcóil i bhfuil duine i ndiaidh don duine alcól a ól.




Tá sé neamhdhleathach bheith ag tiomáint má tá tiúchan alcóil fola cothrom le nó os cionn 80 mg.

**(a)** Úsáid an graf le cá fhad atá tiúchan alcóil fola an duine seo cothrom le nó os cionn 80 mg a ríomh.

(Taispeáin do chuid oibre.)

______________ uair an chloig [2]

**(b)** Ainmnigh an **príomhorgán** sa chorp a dtéann méideanna móra alcóil a ól i bhfeidhm air.

______________________________________________ [1]

**(c)** Tá druga nua á fhorbairt le daoine a bhfuil andúil acu san alcól a chóireáil. Caithfear an druga seo a thástáil sula dtig leis bheith ceadúnaithe le húsáid ag an phobal.

**(i)** Comhlánaigh na boscaí thíos lena thaispeáint na céimeanna a gcaithfidh an druga seo dul tríothu sular féidir é a cheadúnú le húsáid.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | → | tástáil ar ainmhithe | → | | → | ceadúnú |

[2]

**(ii)** Tabhair **dhá** fháth a n-úsáidtear ainmhithe i dtástáil ar dhrugaí.


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**4 (a)** Taispeánann an graf thíos líon na gcásanna eitinne (*TB*) i Sasana ó 1995 go 2020.




Bain úsáid as an ghraf leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

**(i)** Cá mhéad cás eitinne (*TB*) a bhí ann in 1995?

_______________ [1]

**(ii)** Comhlánaigh an abairt a leanann le cur síos a dhéanamh ina iomláine ar an treocht atá léirithe ag an ghraf seo.

De réir mar a mhéadaíonn na blianta ______________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Is ionfhabhtú baictéarach í an eitinn. Ainmnigh an cineál druga a úsáidtear leis an eitinn a chóireáil.

______________________________________________________ [1]

**(c)** Tá roinnt meicníochtaí cosanta ag corp an duine in aghaidh miocrorgánach ar cúis le galair iad. Tá cuachadh (gleanú) miocrorgánach ar cheann de na meicníochtaí seo, mar atá taispeánta thíos.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Ciorclaigh **aon** antaigin **amháin** ar an léaráid thuas. [1]

**(ii)** Comhlánaigh na habairtí seo thíos le cur síos a dhéanamh ar an dóigh a bhfoirmítear an chuach seo.

Roghnaigh ó:

**limficítí** **antasubstaintí** **fagaicítí** **múcas**


Nuair a théann miocrorgánaigh is cúis le galair isteach sa chorp freagraíonn fuilchealla bána ar a dtugtar ______________________________ ar na hantaiginí.

Déanann na fuilchealla bána seo ______________________________ a ghreamaíonn den antaigin agus foirmíonn siad cuach de na miocrorgánaigh. [2]

**(iii)** Mínigh cad é mar a chuidíonn cuachadh (gleanú) na miocrorgánach le cosaint ar ghalair.

______________________________________________________________________ [1]

**5** **(a)** Léirítear cuid de chóras atáirgthe na mban sa léaráid thíos.



*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Comhlánaigh an léaráid seo trí na hubhagáin a tharraingt sna suíomhanna cearta. [1]

**(ii)** Cuir **X** ar an léaráid lena thaispeáint an áit a ndéanfadh ubh thoirchithe ionphlandú. [1]

**(b)** I ndiaidh ionphlandú, foirmítear an phlacaint.

**(i)** Ainmnigh an **gás** a théann ón mháthair trasna na placainte go dtí an leanbh atá ag forbairt.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an struchtúr a cheanglaíonn an phlacaint den leanbh atá ag forbairt.


_______________________________________________ [1]

[Tiontaigh an leathanach

**(c)** Taispeánann an tábla thíos modhanna éagsúla frithghiniúna agus an céatadán de phobal na RA atá ag baint úsáid astu.

| Modh frithghiniúna | Céatadán/% |
| --- | --- |
| piollaire frithghiniúnach | 39 |
| coiscín | 14 |
| aimridiú fear | 2 |
| aimridiú ban | 4 |
| ionphlanduithe hormóin | 17 |
| eile | 12 |

**(i)** Tarraing barrachairt ar an eangach thíos don fhaisnéis seo.
Tá an chéad bharra tarraingthe duit.




[2]

Tá daoine áirithe ann nach mbaineann úsáid as modh frithghiniúna ar bith.

**(ii)** Úsáid faisnéis ón tábla le céatadán na ndaoine **nach** mbaineann úsáid as modh frithghiniúna ar bith a ríomh.

(Taispeáin do chuid oibre.)

_____________________ % [2]

**(iii)** Tabhair **aon** fháth **amháin** nach mbíonn daoine áirithe i bhfách le haon mhodh ar bith de na modhanna frithghiniúna seo a úsáid.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Luaigh **aon** fháth **amháin** a bhfuil céatadán na ndaoine a úsáideann aimridiú mar mhodh frithghiniúna íseal.

_______________________________________________


_______________________________________________ [1]

**(v)** Ainmnigh ón tábla an modh frithghiniúna a chuidíonn fosta le leathadh na ngalar gnéas-tarchurtha a chosc.

_______________________________________________ [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**6** **(a)** Bhain dalta úsáid as an fhearas atá thíos leis an chion fuinnimh atá i mbrioscaí a imscrúdú.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

Taispeántar na torthaí thíos.

| Cineál briosca | Mais briosca/g | Teocht an uisce ag an tús/°C | Teocht an uisce ag an deireadh/°C | Ardú sa teocht/°C |
|---|---|---|---|---|
| seacláid | 1 | 19 | 38 | 19 |
| brioscarán | 1 | 20 | 35 | |
| briosca uachtair | 1 | 20 | 41 | 21 |

**(i)** Ríomh an t-ardú ar an teocht don bhriosca brioscaráin leis an tábla a chomhlánú. [1]

**(ii)** Agus an fhaisnéis thuas in úsáid agat, luaigh **aon** rud **amháin** a rinneadh le triail chothrom a dhéanamh de.

______________________________ [1]

**(iii)** Itheann duine a bhfuil post an-ghníomhach aici, itheann sí briosca agus í ar shos tae. Bain úsáid as na torthaí sa tábla leis an chineál briosca a ainmniú ar chóir di é a roghnú. Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Ansin, bhain an dalta úsáid as imoibrí Benedict leis na brioscaí a thástáil faoi choinne siúcra.

**(i)** Cuir síos ar an mhodh a d'úsáidfeadh an dalta leis na brioscaí a thástáil faoi choinne siúcra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

**(ii)** Comhlánaigh an abairt seo a leanann.

Má tá a lán siúcra i láthair sa bhriosca, athróidh an dath atá ar imoibrí Benedict ó ghorm go ______________________. [1]

**[Tiontaigh an leathanach**

**7** **(a)** Taispeánann an graf thíos ráta croí triúr ban roimh aclaíocht, le linn aclaíochta agus i ndiaidh aclaíochta.




Is é 25 nóiméad an tréimhse bhisigh atá ag Laura agus is é 10 nóiméad an tréimhse bhisigh atá ag Kim.

**(i)** Úsáid an graf le tréimhse bhisigh Margaret a ríomh.

______________________ nóiméad [1]

**(ii)** Bain úsáid as an ghraf agus as do chuid eolais féin le **dhá** fháth a lua a bhfuil Kim ar an duine is aclaí den triúr ban.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Is é an riospráid an próiseas ina ndéanann an corp fuinneamh a scaoileadh faoi choinne aclaíochta.

Taispeántar thíos an chothromóid focal don riospráid.

glúcós + ocsaigin ⟶ dé-ocsaíd charbóin + uisce + fuinneamh

**(i)** Comhlánaigh an abairt seo a leanann.

Tugtar imoibriú ______________________ ar an riospráid cionn is go scaoileann sí fuinneamh. [1]

Mar gheall ar aonocsaíd charbóin i dtoit toitíní, thig le caiteoirí tobac bheith gann ar an ocsaigin.

**(ii)** Mínigh ina iomláine an dóigh a bhféadfadh caitheamh tobac dul i bhfeidhm ar leibhéil fuinnimh ag caiteoir tobac.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

**(iii)** Ainmnigh **aon** substaint dhochrach **amháin** eile atá i dtoit toitíni agus cuir síos ar a tionchar ar an chorp.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**8** Cuir síos ar éifeacht insline ar leibhéil glúcóis fola sa chorp agus mínigh í.

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo i do fhreagra:

- an áit a dtáirgtear inslin;
- an áit a dtéann inslin i bhfeidhm uirthi; agus
- an riocht ar cúis leis easpa insline sa chorp.

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid na saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

13695.02

*20GSA1119*

*Foinse Ceiste 4: "Adapted from "UK Health Security Agency. (2021) Tuberculosis in England: 2020. UK Health Security Agency, London". © Crown Copyright Contains public sector information licensed under the Open Government Licence v3.0."*

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.